Éasga ar nglanadh grás Muire

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 93]

1 Éasga ar nglanadh grás Muire;
i dtráth tagra dá fine
luaithe ná fás na fleidhe
bleidhe grás uaithe ar ibhe.

2 Sreabh ghlan do fhás a hóighe,
bean cháich do chur le chéile,
saorfaidh do thoil Dé na daoine,
ré naoidhe mar ghoil gréine.

3 Caoinbhean ór ghein an umhla,
ré dhídin na bhfear bhfoghla,
díon cháigh is dá taobh tharla,
craobh abhla [ara cáir] comhdha.

4 Bean dhídin cean a cinidh
a ndídean rug do roghain;
sdiúir ghráidh re n-a gaol gabhaidh
craobh tharaidh cháigh do chobhair.

5 Ní fríoth meadh d'fhíonfhuil eile
bean le dídean gach dhuine;
cia an bhean do bhí mar Mhoire
bean toighe í don uile?

6 Buime ar ríogh an chraobh chumhra
ler cuireadh dlaoi ar a dhiomdha,
bláth duille ór fhás an umhla;
ubhla grás uirre as iomdha.

7 Síol Éabha i n-éintigh ísil
go héirghe an éasga nuasain;
maithfidh cóir glac dá grásaibh,
fásaidh mac ón óigh uasail.

8 Cnú croidhe cháich is gaolmhar
ór fhás an t-eitne órghlan,
bean nach beag méad a míorbhal,
séad bríoghmhar na leag lóghmhar.

9 Iúl nimhe dhúinn do dhírigh,
[gach] siúr re fine is faoilidh,
raon 'n-a deoigh do réidhigh;
cóir déinimh eoil don aoidhigh.

10 Do dhírigh cách ar chreideamh
grás leis an ríghsin rugadh;
do choisg sé cách dá gcogadh
cogar Dé an tráth fa dtugadh.

11 Slat réidh gan bhaoghal mbéime,
bean ler saoradh sé líne;
báithfidh sreabh fhíorghlan óighe
fíorghal cóire cneadh gcíghe.

12 Tamhan óighe nach aosda
dar maitheadh coir a chéasda
sí ag guidhe Dé go drásda
grásda Muire ’s é ar n-éasga. Éasga.